2026/768

30.3.2026

CINNEADH (CBES) 2026/768 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 24 Márta 2026

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2012 (EUNAVFOR MED IRINI/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI ('Ceannasaí Fórsa an Aontais') a cheapadh.

(3) An 30 Meán Fómhair 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2012 ([2]) lena gceaptar an Ceannasóir Spyridon POLLATOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 3 Deireadh Fómhair 2025.

(4) An 3 Feabhra 2026, mhol údaráis Mhíleata na hIodáile go ndéanfaí an Captaen Andrea BIELLI a cheapadh i gcomharbas ar an gCeannasóir Spyridon POLLATOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ('an ceapachán molta') ón 1 Aibreán 2026. Chuir údaráis mhíleata na hIodáile in iúl go dtabharfar ardú céime don Chaptaen Andrea BIELLI agus go ndéanfar Seachaimiréal de nuair a cheapfar é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(5) An 10 Feabhra 2026, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais ar EUNAVFOR MED IRINI leis an gceapachán molta.

(6) An 17 Feabhra 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go ndéanfaí an Captaen Andrea BIELLI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 1 Aibreán 2026.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCaptaen Andrea BIELLI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/2012 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Seachaimiréal Andrea BIELLI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Aibreán 2026.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2012.

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/2012 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 30 Meán Fómhair 2025 lena gceaptar Ceannasaí Fórsa an Aontais ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/626 (EUNAVFOR MED IRINI/4/2025) (IO L, 2025/2012, 2.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2012/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Aibreán 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD